


Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 11

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Obair Bhaile 1

abair	arbhar	athraigh	aintín
árasán	aghaidh	anraith	aonach
airgead	anlann	ainmhí	

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- abair
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- athraigh

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z


Obair Bhaile 2

Thig linn an uimhir iolra (níos mó ná ceann amháin) ar réimse dóigheanna:

Uimhir Uatha (ceann amháin)	Uimhir Iolra (níos mó ná ceann amháin)
aibreog	aibreoga
aingeal	aingil
aisteoir	aisteoirí
ámóg	ámóga
amparán	amparáin
aoire	aoirí
ápa	ápaí
arracht	arrachtaí
asal	asail

Athraigh na hainmfhocail fo-línithe chuig an uimhir iolra.


1. Tá aibreog ag fás ar an chrann.
2. Tá aingeal ag eitilt sa spéir.
3. Tá aisteoir ar an ardán.
4. Tá ámóg crochta suas sa ghairdín.
5. Tá aoire ag cuidiú leis na caoirigh.
6. Tá ápa ag ithe banana.
7. Tá asal ar an fheirm.
8. Tá arracht i bhfolach faoin leaba.



Obair Bhaile 3

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. is maith liom anraith sicín
2. táimid ag dul chuig an aonach amárach
3. an bhfuil airgead ar bith agat
4. is maith liom anlann dhearg ar mo sceallóga
5. is maith liom arbhar agus im do mo dhinnéar
6. beidh aintín áine ag teacht ar cuairt amárach
7. is ainmhí fíochmhar é an tíogar
8. tá an teaghlach ina gcónaí in árasán



Obair Bhaile 4

Aintín Áine

Tá aintín agam, Áine is ainm di agus tá sí ar mire! Bhí mo bhreithlá ann agus chuir sí ceist orm ar mhaith liom dul chuig an aonach nó chuig an zú do mo bhreithlá? Is breá liom ainmhithe, mar sin de, dúirt mé léi gur mhaith liom dul chuig an zú. Bhí cuma shásta ar an aghaidh s'aici nuair a dúirt mé gur mhaith liom dul chuig an zú mar is maith léi ainmhithe fosta.

Tá Aintín Áine ina cónaí in árasán agus, ar lá mo bhreithe, chuaigh mé ar cuairt chuici le dul chuig an zú. Bhuail mé cnag ar an doras.

“Tar isteach,” arsa Áine.

Chuaigh mé isteach agus bhí Áine sa chistin.

“Beidh lón againn sula dtéann muid chuig an zú,” arsa Áine. “An maith leat anraith?”

“Is maith,” arsa mise.

“Beidh anraith agus arbhar againn,” arsa Áine. “Is maith liom anlann dhonn ar arbhar.”

Bhí lón deas againn, d'athraigh Áine a bróga agus chuaigh muid chuig an zú. Bhí lá ar dóigh againn ann; chonaic muid ápa, alpaire, asal, ailigéadar agus cuid mhór ainmhithe eile. Bhí tuirse orm ach bhí áthas orm fosta ag deireadh an lae agus thug Aintín Áine airgead dom do mo bhreithlá, fiche punt! Bhí lá ar fheabhas agam.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é an t-ainm ar aintín ar an aintín?
2. An maith le hÁine ainmhithe?
3. Cá bhfuil Áine ina cónaí?
4. Cad é a bhí acu don lón?
5. Cad iad na hainmhithe a chonaic siad ag an zú, luaigh 4 ainmhí.
6. Cá mhéad airgid a thug Áine dá neacht dá breithlá?

Obair Bhaile 5

buicéad	buidéal	bagún
béile	babhla	bácáil
bratach	blais	bolaigh

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- babhla
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- buidéal

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z


Obair Bhaile 6

Thig linn an uimhir iolra a dhéanamh trí 'a' a chur ag deireadh focail.

bábóg (ceann amháin)	bábóga (níos mó ná ceann amháin)
-------------------------	-------------------------------------

Comhlánaigh an tábla leis na huimhreacha iolra a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.


Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
bábóg	bábóga
bachlóg	
ballóg	
barróg	
bileog	
bollóg	
bonnóg	
bróg	
bumbóg	



Obair Bhaile 7

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. cheannaigh mé buidéal líomanáide mar bhí tart orm
2. chuir an fear oibre na brící sa bhalla
3. bíonn báicéir ag bácáil aráin san oigheann
4. is é an bricfeasta an chéad bhéile den lá
5. faighimid bagún ón mhuc
6. bolaigh an bainne tá sé lofa arsa mamaí
7. tá lá breá ann inniu
8. is iad glas, bán agus oráiste na dathanna atá ar bhratach éireann



Obair Bhaile 8

Am Lóin

Lá breá a bhí ann agus bhí Liam agus Brian ag obair. Bhí siad ag tógáil balla thart ar an ghairdín. Bhí Liam ag bailiú brící sa bharra rotha agus bhí Brian ag tógáil an bhalla. Bhí bean sa teach agus bhí sí ag déanamh béile do na fir oibre.

“Bolaigh an bagún sin,” arsa Brian.

“Tá súil agam go bhfuil sí ag bÁCáil aráin,” arsa Liam.

Tháinig an bhean amach agus bhí pláta aici a bhí lán de cheapairí bagúin agus bhí babhla aici a bhí lán de bhrioscáin phrátaí.

“Go breá,” arsa Liam. “Go raibh maith agat.”

“Go ndéanaí a mhaith duit,” arsa an bhean.

“Bolaigh an bagún sin,” arsa Brian.

“Blais é,” arsa Liam agus a bhéal lán d’arán agus de bhagún.

Thóg Liam a mhála agus ghlac sé dhá bhuidéal líomanáide amach as. Chaith sé ceann de na buidéil chuig Brian.

“Beir ar an bhuidéal,” arsa Liam.


Rug Liam greim ar an bhuidéal agus d’amharc sé air. Bhí bratach Meiriceánach ar an bhuidéal. Pepsi a bhí ann.

D’ith na fir oibre a lón, bhí sé iontach blasta. Nuair a bhí siad críochnaithe, thóg Brian buicéad le huisce a fháil agus thóg Liam a bharra rotha arís. Chuaigh siad ar ais chuig obair go sona sásta.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cén sórt aimsire a bhí ann?
2. Cad é a bhí Liam agus Brian ag tógáil?
3. Cé a rinne béile do Liam agus Brian?
4. Cad é a bhí ag Liam agus Brian don lón?
5. Cá mhéad buidéal Pepsi a bhí sa mhála?



Obair Bhaile 9

cearc	ciarsúr	ciseán
cliabhán	cnó	corraithe
cosán	crúiscín	cúcamar

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- cearc
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- cúcamar

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 10

Thig linn an uimhir iolra a dhéanamh trí 'í' a chur ag deireadh focail.

cabáiste
(ceann amháin)

cabáistí
(níos mó ná ceann amháin)

Comhlánaigh an tábla leis na huimhreacha iolra a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
cabáiste	cabáistí
cábla	
cadhnra	
cadhóit	
cailín	
caipín	
campa	
canna	
cárta	



Obair Bhaile 11

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. beireann cearca uibheacha
2. bíonn páistí i gcónaí corraithe maidin na nollag
3. ghlán mé mo shrón le ciarsúr
4. chuir daidí an bia uilig don phicnic isteach sa chiseán
5. chuir an gasúr a chloigeann ar an cheannadhairt
6. chuir an t-iora rua cnónna i bhfolach faoin talamh
7. ná cogain guma sa rang arsa an múinteoir
8. chuaigh an teaghlach ar siúlóid ar an chosán



Obair Bhaile 12

Picnic sa Pháirc

Bhí lá galánta ann agus bhí gach duine corraithe mar bhí muid ag dul ar phicnic sa pháirc.

“Sin an ciseán, a Bhríd,” arsa mamaí, “cuir gach rud isteach ann.”

Thóg mé an ciseán agus thosaigh mé ag cur rudaí isteach ann; bhí ceapairí cúcamair ann, málaí cnónna agus a lán bianna eile. Chuir mé an crúiscín plaisteach isteach fosta don sú oráiste.

“Ná dean dearmad ar na ciarsúir,” arsa mamaí. “Tá slaghdán beag orm go fóill.”

Thóg mé na ciarsúir agus chuir mé isteach sa chiseán iad. Thóg mé ceannadhairt le súí air ar eagla go raibh an talamh fliuch.

Shiúil muid uilig chuig an pháirc. Bhí an cosán gairid go leor agus chonaic muid cearca ón fheirm ag rith thart go callánach. Chuir daidí an cliabhán beag don bhabaí é ar an talamh agus chuir mamaí an babaí isteach ann. Bhí sí ina codladh.

Is ansin a bhí an phicnic again. Bhí an bia iontach blasta ar fad agus d’ith mé go gasta.

“Ná cogain do bhia go gasta,” arsa daidí, “nó beidh snag ort.”

Chogain mé mo cheapairí cúcamair go cúramach. Nuair a bhí an phicnic críochnaithe, rith mé le súgradh ar na luascáin agus ar an sleamhnán. Bhuaile mé le cara nua sa pháirc agus rinne muid beirt súgradh ar an chrandaí bogadaí, an rud is fearr liom sa pháirc. Bhí lá ar fheabhas agam.

Freagair na ceisteanna seo.

1. Cén sórt aimsire a bhí ann?
2. Ainmnigh trí rud a chuir Bríd isteach sa chiseán?
3. Cad chuige a raibh ceannadhairt de dhíth sa pháirc?
4. Cá raibh an babaí ina chodladh le linn na picnice?
5. Cad é an rud is fearr le Bríd sa pháirc?



Obair Bhaile 13

cailc	casúr	céim
cuisneoir	cuimil	cnag
crios	cíor	cógas

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibíteach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- cailc
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- cógas

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 14




Thig linn an uimhir iolra a dhéanamh trí ‘anna’ a chur ag deireadh focail.

carr
(ceann amháin)

carranna
(níos mó ná ceann amháin)

Comhlánaigh an tábla leis na huimhreacha iolra a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
carr	carranna
cás	
ceacht	
ceant	
ciúb	
club	
crios	



Obair Bhaile 15

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. bhí an cailín tinn agus thug mamaí cógas di
2. shiúil na daltaí suas na céimeanna isteach sa rang
3. ghlan mamaí an tábla le ceirteach
4. cíor do ghruaig sula dtéann tú amach arsa mamaí
5. rinne na gasúir cró sa ghairdín
6. caithfidh gach duine crios sábhála a chaitheamh sa charr nó ar an bhus.
7. bhuail mé cnag ar an doras agus shiúil mé isteach
8. scríobh an múinteoir at an chlár dubh le cailc



Obair Bhaile 16

Cró sa Chrann

Bhí Ciarán tinn agus ní raibh cead aige dul amach lena chairde. Bhí sé ag amharc amach an fhuinneog, ar an chrann sa ghairdín, Bhí smaoineamh aige.

“An ndéanfaidh tú cró dom sa ghairdín, a dhaidí, agus thig liom súgradh ann?” arsa Ciarán.

“Cinnte,” arsa daidí. “Déanfaidh muid cró sa chrann.”

Chuaigh Ciarán agus a dhaidí chun na huirlisí tógála a fháil. Fuair sé casúr, tairní agus cailc chun an t-adhmad a mharcáil. Chuaigh siad isteach sa ghairdín agus thosaigh siad ag obair. Ar dtús, rinne daidí an cró sa chrann. Bhain sé úsáid as an chasúr s’aige go minic agus, roimh i bhfad, bhí tuirse air agus bhí sé ag cur allais. Chuaigh Ciarán agus fuair sé ceirteach agus chuimil daidí an t-allas uilig a bhí air.


Nuair a bhí an cró déanta, rinne daidí céimeanna suas an crann. Bhí tart ar dhaidí faoin am seo agus chuaigh Ciarán chuig an chuisneoir agus fuair sé canna cóc dó. Nuair a bhí na céimeanna déanta, rinne sé doras isteach sa chró. Chuaigh daidí isteach sa chró agus bhuail Ciarán cnag ar an doras. D’oscail daidí an doras agus chuaigh Ciarán isteach sa chró fosta. Bhí Ciarán iontach sásta leis an chró.

Go tobann, chuala siad mamaí. “A Chiarán, tar isteach. Tá sé in am do do chithfholcadh.”

Chuaigh Ciarán isteach agus chuaigh sé isteach sa chithfholcadh. Chíor sé a ghruaig agus thug mamaí cógas dó mar bhí sé giota beag tinn go fóill. Chuaigh sé a chodladh agus rinne sé brionglóid faoin chró sa chrann s’aige.

Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad chuige nach raibh Ciarán dul amach?
2. Cad é a rinne daidí do Chiarán?
3. Cén áit a ndearna daidí an cró?
4. Cad é a fuair Ciarán do dhaidí ón chuisneoir?
5. Cad é a rinne Ciarán nuair a chuaigh sé isteach sa teach?



Obair Bhaile 17

dírigh	dóighiúil	dreap	dréimire
doirt	doirteal	deisigh	druid
	droim	díon	

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- deisigh
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- druid

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z


Obair Bhaile 18

Thig linn an uimhir iolra a dhéanamh trí 'i' a chur roimh dheireadh an chonsain dheireanaigh.

dearcán (ceann amháin)	dearcáin (níos mó ná ceann amháin)
---------------------------	---------------------------------------

Comhlánaigh an tábla leis na huimhreacha iolra a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
dearcán	dearcáin
diabhal	
diamant	
dineasár	
díolachán	
dragan	
drandal	
dúradán	



Obair Bhaile 19

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. dhreap an dathadóir suas an dréimire leis an síleáil a phéinteáil
2. chuir daidí na soithí sa doirteal
3. thit tíleanna den díon sa stoirm
4. tá droim nimhneach agam arsa an gharraíodóir
5. druid an doras a dúirt mamaí leis na páistí a bhí ag rith isteach is amach as an teach
6. tá an babaí nua iontach dóighiúil
7. dheisigh an meicneoir an carr briste
8. dhoirt mamaí an bainne lofa síos an doirteal



Obair Bhaile 20

Ar an Díon

Bhí stoirm mhór ann aréir agus thit cuid de na tíleanna den díon. Bhí mamaí ina seasamh ag an doirteal, ag ní na soithí, nuair a chonaic sí na tíleanna ina luí sa ghairdín. Tháinig daidí isteach sa chistin agus dhírigh mamaí a méar ar na tíleanna.

“Amharc ar na tíleanna ina luí sa ghairdín,” arsa mamaí.

“Caithfidh gur thit siad den díon sa stoirm aréir,” arsa daidí.

“Deisigh é le do thoil,” arsa mamaí.

Chuaigh daidí amach sa ghairdín agus fuair sé an dréimire. Dhreap sé an dréimire agus thosaigh sé ag obair. Níor ghlac sé i bhfad dó an díon a dheisiú ach, sular chríochnaigh sé, tháinig druid bheag agus shuigh sé ar an díon in aice leis. D’amharc daidí ar an druid go dtí gur eiril sé ar shiúl agus ansin dhreap sé síos an dréimire arís.

“Chonaic mé éan ar an díon,” arsa daidí le mamaí, “bhí sí iontach dóighiúil.”


Dhoirt mamaí deoch uisce do dhaidí agus thug sí é dó.

“Go raibh maith agat,” arsa daidí. “Tá mo dhroim nimhneach, tá mé ag dul a luí síos ar an tolg anois.”



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a thit den díon?
2. Cad é a bhí mamaí a dhéanamh ag an doirteal?
3. Cá raibh an dréimire?
4. Cad é a chonaic daidí nuair a bhí sé ag obair ar an díon?
5. Cad é a d’ól daidí nuair a bhí sé críochnaithe?



Obair Bhaile 21

fearthainn	foraois	feoil	fráma
fleasc	fíonchaora	folcadh	fear

Scríobh na focail ón bhosca in ord aibíteach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- fearthainn
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- foraois

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z


Obair Bhaile 22

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Sampla

- Chuir mé **an foclóir** ar an tábla.
- Chuir mé **na foclóirí** ar an tábla.

1. Cheannaigh mamaí **earra** sa siopa.
2. Chuir an múinteoir **eascra** sa doirteal.
3. Scríobh mé **an freagra** i mo leabhar.
4. Caitheann mo dheirfiúr **fáinne**.
5. Tugann **féilire** eolas ar mhíonna na bliana.
6. Bíonn **feithid** sa ghairdín.



Obair Bhaile 23

Scríobh amach na habairtí seo agus cuir isteach an phoncaíocht cheart.

1. coinníonn an fleasc an súp te
2. chuir an fear dóiteáin an tine amach
3. bhí sé ag cur fearthainne go trom an lá ar fad
4. bhí an phearaicít ag ceol san fhoraois
5. is maith liom prátaí agus feoil do mo dhinnéar arsa liam
6. is maith le daoine atá san ospidéal fíonchaora a ithe
7. bhí an páiste ag folcadh san fholcadán mar bhí sé salach
8. dhreap mé go barr an fráma dreapadóireachta



Obair Bhaile 24

Teach Trí Thine

Bhí lá galánta ann agus bhí na páistí ag súgradh sa ghairdín. Bhí Liam ag dreapadh ar an fhráma dreapadóireachta agus bhí Nóra ag léamh leabhair faoin chrann. Bhí daidí ag baint fiailí as an ghairdín agus bhí mamaí ag déanamh picnice réidh sa chistin.

“Picnic réidh,” a scairt mamaí tríd an fhuinneog.

Léim Liam den fhráma dreapadóireachta agus rith sé chuig an chrann. Chuaigh daidí chuig an chrann fosta agus chuir Nóra a leabhar síos. Tháinig mamaí amach leis an phicnic; bhí feoil, fíonchaora agus fleasc le tae aici, chomh maith le líomanáid.

Go tobann, thosaigh sé ag cur fearthainne.

“Is fuath liom é nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne,” arsa Nóra.

D’éirigh gach duine le dul isteach sa teach ach chonaic siad toit ag teacht ón chistin.

“Tá an teach trí thine,” a scread mamaí.

“Níl ann ach tine bheag,” arsa daidí, “ach caithfidh muid fios a chur an bhriogáid dóiteáin.”

Chuir mamaí fios ar an bhriogáid dóiteáin lena fón póca agus, roimh i bhfad, tháinig an leoraí mór dearg.


“An bhfuil duine ar bith sa teach?” arsa an fear dóiteáin.

“Níl,” arsa mamaí, “níl ann ach an t-éan san éanadán.”

Thosaigh na trodaithe tine ag folcadh an tí le huisce agus, gan mhoill, bhí an tine múchta acu. Nuair a bhí sé sábháilte, chuaigh duine amháin isteach chun an t-éan a fháil. Tháinig sé amach leis an éanadán i ndiaidh cúpla bomaite.


“Seo duit an t-éanadán,” arsa an fear dóiteáin, “tá sé iontach éadrom.”

Bhí gach duine breá sásta go raibh an t-éan i gceart.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a bhí Liam a dhéanamh?
2. Cad é a bhí déanta ag mamaí don phicnic?
3. Cén seomra sa teach a bhí trí thine?
4. Cén dóigh ar chuir na trodaithe tine an tine amach?
5. Cad é a tharla don éan?



Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday
An Déardaoin / Thursday